Comhairle an Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 6 Deireadh Fómhair 2025**
**(OR. en)**

**13615/25**

**PECHE 305**
**DELACT 146**

**NÓTA CLÚDAIGH**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaí an Choimisiúin Eorpaigh, arna s(h)íniú ag Martine DEPREZ, Stiúrthóir |
| dáta a fuarthas: | 6 Deireadh Fómhair 2025 |
| chuig: | Thérèse BLANCHET, Ardrúnaí Chomhairle an Aontais Eorpaigh |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | C(2025) 6645 final |
| Ábhar: | RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN an 6.10.2025 lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/2107 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an líon feistí comhthiomsaithe éisc a cheadaítear i limistéar Choinbhinsiún an Choimisiúin Idirnáisiúnta um Chaomhnú na dTuinníní Atlantacha |

Gheobhaidh na toscaireachtaí i gceangal leis seo doiciméad C(2025) 6645 final.

---

Faoi iamh: C(2025) 6645 final

AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 6.10.2025
C(2025) 6645 final

# RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN

**an 6.10.2025**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/2107 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an líon feistí comhthiomsaithe éisc a cheadaítear i limistéar Choinbhinsiún an Choimisiúin Idirnáisiúnta um Chaomhnú na dTuinníní Atlantacha**

# MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

## 1. COMHTHÉACS AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Is é cuspóir an rialacháin tharmligthe Rialachán (AE) 2017/2107 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1] a leasú chun foráil de chuid Mholadh 24-01 ó ICCAT maidir le clár ilbhliantúil caomhnúcháin agus bainistíochta le haghaidh tuinníní treochreasacha a chur chun feidhme. Glacadh na hathruithe i bhfoirm moltaí[2] ag an 24ú cruinniú speisialta den Choimisiún Idirnáisiúnta um Chaomhnú na dTuinníní Atlantacha (ICCAT) i mí na Samhna 2024.

## 2. COMHAIRLIÚCHÁIN ROIMH GHLACADH AN GHNÍMH

I gcomhréir le hAirteagal 74(4) de Rialachán (AE) 2017/2107, chuaigh an Coimisiún i gcomhairle leis an nGrúpa Saineolaithe um Iascach agus Dobharshaothrú maidir leis an dréachtrialachán.

I gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos sa Chomhaontú Idirinstitiúideach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[3], cuireadh an rialachán tarmligthe faoi bhráid na gcomhreachtóirí (Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle) le haghaidh comhairliúchán ar leibhéal na saineolaithe.

## 3. EILIMINTÍ DLÍ AN GHNÍMH THARMLIGTHE

Leasaítear Rialachán (AE) 2017/2107 leis an rialachán tarmligthe ar an gcaoi seo a leanas:

Laghdaítear líon na bhfeistí comhthiomsaithe éisc (FADanna) in aghaidh an tsoithigh ag a bhfuil baoithe oibríochtúla go 288 le haghaidh na mblianta 2026 agus 2027.

---

1 Rialachán (AE) 2017/2107 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Samhain 2017 lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme i limistéar an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinnīní an Atlantaigh (ICCAT), agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1936/2001, (CE) Uimh. 1984/2003 agus (CE) Uimh. 520/2007 ón gComhairle (IO L 315, 30.11.2017, lch. 1), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/2107/oj

2 Moladh 24-01 ó ICCAT maidir le clár ilbhliantúil caomhnúcháin agus bainistíochta le haghaidh tuinníní treochreasacha, https://www.iccat.int/Documents/Recs/compendiopdf-e/2024-01-e.pdf.

3 Comhaontú Idirinstitiúideach idir Parlaimint na hEorpa, Comhairle an Aontais Eorpaigh agus an Coimisiún Eorpach maidir le Reachtóireacht Níos Fearr, Comhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr (IO L 123, 12.5.2016, lch. 1).

**RIALACHÁN TARMLIGTHE (AE) …/... ÓN gCOIMISIÚN**

**an 6.10.2025**

**lena leasaítear Rialachán (AE) 2017/2107 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann leis an líon feistí comhthiomsaithe éisc a cheadaítear i limistéar Choinbhinsiún an Choimisiúin Idirnáisiúnta um Chaomhnú na dTuinníní Atlantacha**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2017/2107 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Samhain 2017 lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme i limistéar an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh (ICCAT), agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1936/2001,(CE) Uimh. 1984/2003 agus (CE) Uimh. 520/2007 ón gComhairle[1], agus go háirithe Airteagal 73(1)(i) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Is páirtí sa Choimisiún Idirnáisiúnta um Chaomhnú na dTuinníní Atlantacha (ICCAT) é an tAontas, ós rud é go ndearna sé an t-aontachas do Choinbhinsiún ICCAT a fhormheas de bhun Chinneadh 86/238/CEE ón gComhairle[2].

(2) Glacann ICCAT bearta chun caomhnú fadtéarmach agus úsáid inbhuanaithe fhadtéarmach na n-acmhainní iascaigh i limistéar Coinbhinsiúin ICCAT a áirithiú agus chun na héiceachórais mhuirí ina bhfuil na hacmhainní sin a chosaint. Tá bearta den sórt sin ina gceangal ar an Aontas.

(3) Ó glacadh Rialachán (AE) 2017/2107, tá moladh 24-01[3] maidir le clár ilbhliantúil caomhnúcháin agus bainistíochta le haghaidh tuinníní treochreasacha glactha ag ICCAT ag an gcruinniú bliantúil a bhí aige in 2024. Áirítear i moladh 24-01 ó ICCAT foráil lena laghdaítear an líon feistí comhthiomsaithe éisc (FADanna) in aghaidh an tsoithigh ó 300 go 288 ón 1 Eanáir 2026 ar aghaidh.

(4) Ba cheart an beart sin a chur chun feidhme i ndlí an Aontais. Ba cheart, dá bhrí sin, Rialachán (AE) 2017/2107 a leasú dá réir sin.

---

[1] Rialachán (AE) 2017/2107 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Samhain 2017 lena leagtar síos bearta bainistíochta, caomhnaithe agus rialaithe is infheidhme i limistéar an Choinbhinsiúin Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh (ICCAT), agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 1936/2001, (CE) Uimh. 1984/2003 agus (CE) Uimh. 520/2007 ón gComhairle (IO L 315, 30.11.2017, lch. 1), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2017/2107/oj

[2] Cinneadh 86/238/CEE ón gComhairle an 9 Meitheamh 1986 maidir le haontachas an Chomhphobail don Choinbhinsiún Idirnáisiúnta um Chaomhnú Thuinníní an Atlantaigh, arna leasú leis an bPrótacal atá i gceangal le hIonstraim Chríochnaitheach Chomhdháil Lánchumhachtaigh na Stát is Páirtithe sa Choinbhinsiún a síníodh i bPáras an 10 Iúil 1984 (IO L 162, 18.6.1986, lch. 33).

[3] Moladh 24-01 ó ICCAT. https://www.iccat.int/Documents/Recs/compendiopdf-e/2024-01-e.pdf.

(5) Ós rud é go bhfuil tionchar díreach ag na forálacha dá bhforáiltear sa Rialachán seo ar phleanáil an tséasúir iascaireachta le haghaidh shoithí an Aontais agus ar ghníomhaíochtaí eacnamaíocha gaolmhara, ba cheart an Rialachán seo a theacht i bhfeidhm a luaithe is féidir,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasú ar Rialachán (AE) 2017/2107**

Cuirtear an méid seo a leanas in ionad Airteagal 9(4) de Rialachán (AE) 2017/2107:

> ‘4. Ón 1 Eanáir 2026 ar aghaidh áiritheoidh na Ballstáit nach mbeidh líon is mó ná 288 FAD in aghaidh an tsoithigh ag a bhfuil baoithe oibríochtúla gníomhach san am céanna.’.

*Airteagal 2*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach sna Ballstáit uile.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, 6.10.2025

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
*Ursula VON DER LEYEN*